2025/473

14.3.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/473 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Márta 2025

lena n-aithnítear go bhfuil sonraí cruinne sa tuarascáil a chuir an tSeicia faoi bhráid an Choimisiúin faoi Airteagal 31(2) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú cruithneachta geimhridh, biatais siúcra, arbhar, sadhlais arbhair, eorna earraigh agus eorna geimhridh sa Bhallstát sin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn ([1]), agus go háirithe Airteagal 31(4) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceanglaítear le Treoir (AE) 2018/2001 go sábháiltear le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise líon mór astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le breoslaí iontaise ionas gur féidir iad a áireamh mar chuid de na spriocanna a leagtar amach sa Treoir sin. Chun na críche sin, in Airteagal 29(10) den Treoir sin, leagtar síos tairseacha sonracha maidir le laghdú ar astaíochtaí le haghaidh na mbreoslaí sin, agus le hAirteagal 31, rialaítear an bealach a ríomhtar an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó úsáid na mbreoslaí sin. Agus na ríomhanna sin á ndéanamh, is féidir úsáid a bhaint as na luachanna réamhshocraithe a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001. In ionad luachanna réamhshocraithe na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann ó shaothrú amhábhar talmhaíochta, is féidir úsáid a bhaint as luachanna tipiciúla faoi roinnt coinníollacha. Maidir leis na luachanna tipiciúla sin, arb éard atá iontu an meánluach i limistéar sonrach, féadfaidh na Ballstáit nó tríú tíortha iad a thuairisciú don Choimisiún. Ní fhéadfar na luachanna tipiciúla a úsáid ach amháin má aithníonn an Coimisiún go bhfuil siad cruinn.

(2) Trí Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2624 ([2]), d'aithin an Coimisiún go raibh sonraí cruinne sa tuarascáil ar chuir an tSeicia faoina bhráid chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú síl ráibe a tháirgtear de ghnáth i réigiúin NUTS 2 sa tSeicia.

(3) An 23 Deireadh Fómhair 2024 chuir an tSeicia faoi bhráid an Choimisiúin tuarascáil bhreise ina raibh sonraí chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú cruithneachta geimhridh, biatais siúcra, arbhar, sadhlais arbhair, eorna earraigh agus eorna geimhridh a tháirgtear de ghnáth i limistéir ar a críoch a aicmítear mar leibhéal 2 in aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). D'iarr an tSeicia go n-aithneofaí na sonraí mar shonraí cruinne i gcomhréir le hAirteagal 31(4) de Threoir (AE) 2018/2001.

(4) Rinne an Coimisiún measúnú ar an tuarascáil agus chinn sé go bhfuil sonraí cruinne inti chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú cruithneachta geimhridh, biatais siúcra, arbhar, sadhlais arbhair, eorna earraigh agus eorna geimhridh a tháirgtear de ghnáth i réigiúin NUTS 2 sa tSeicia. Dá bhrí sin, ba cheart go n-aithneofar cruinneas na sonraí chun críocha astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le saothrú na mbunábhar sin a thomhas.

([1]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2624 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2024 lena n-aithnítear faoi Airteagal 31(2) agus (4) de Threoir (AE) 2018/2001 go bhfuil sonraí cruinne sa tuarascáil chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le saothrú síl ráibe sa tSeicia a thomhas (IO L, 2024/2624, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2624/oj).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann aonad críche le haghaidh staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1059/oj).

(5) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí, Bithleachtanna agus Breoslaí Bithmhaise,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an tuarascáil a chuir an tSeicia faoi bhráid an Choimisiúin an 23 Deireadh Fómhair 2024, tá sonraí cruinne inti chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas a bhaineann le saothrú cruithneachta geimhridh, biatais siúcra, arbhar, sadhlais arbhair, eorna earraigh agus eorna geimhridh a tháirgtear de ghnáth i réigiúin NUTS 2 sa tSeicia. Leagtar amach san Iarscríbhinn achoimre ar shonraí na tuarascála.

Airteagal 2

I gcás ina ndéanfar athrú ar na sonraí sa tuarascáil, mar a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin í chun aitheantas a fháil ina leith an 23 Deireadh Fómhair 2024, arb athrú é a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chruinneas na sonraí agus, dá bhrí sin, don bhunús leis an gCinneadh seo, tabharfaidh an tSeicia fógra don Choimisiún faoi na hathruithe sin láithreach. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na hathruithe faoina dtugtar fógra chun cinneadh a dhéanamh cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear sonraí cruinne fós leis an tuarascáil a bhfuil sí aitheanta ina leith.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Scoirfidh sé d'fheidhm a bheith aige an 3 Aibreán 2030.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as saothrú cruithneachta geimhridh i réigiúin NUTS2 na Seice (kg CO_2eq/tona de chruithneacht gheimhridh a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)

Réigiún NUTS 2 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003	N_2O na hithreach		Leabaithe			Úsáid Breosla	Síol	**Iomlán**
	Díreach	Indíreach	Leasachán	Neodrú	Lotnaid-icíd			
CZ 01 Hl. město Praha	79,3	4,6	79,1	31,3	1,7	52,0	9,4	**257,4**
CZ 02 Střední Čechy	76,6	4,9	75,3	26,3	2,1	52,6	9,9	**247,7**
CZ 03 Jihozápad	104,9	18,1	72,2	26,9	1,8	52,6	10,1	**286,7**
CZ 04 Severozápad	77,1	7,7	62,4	24,9	1,8	53,5	9,9	**237,3**
CZ 05 Severovýchod	119,9	22,0	78,9	31,1	2,4	52,0	9,9	**316,2**
CZ 06 Jihovýchod	81,4	5,7	75,6	32,4	1,8	52,7	9,9	**259,6**
CZ 07 Střední Morava	110,7	18,3	76,5	31,7	2,1	49,6	9,8	**298,7**
CZ 08 Moravskoslezsko	170,9	46,4	75,1	30,2	2,1	50,1	10,2	**384,9**

Astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as saothrú biatais siúcra i réigiúin NUTS2 na Seice (kg CO_2eq/tona de bhiatas siúcra a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)

Réigiún NUTS 2 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003	N_2O na hithreach		Leabaithe			Úsáid Breosla	Síol	**Iomlán**
	Díreach	Indíreach	Leasachán	Neodrú	Lotnaid-icíd			
CZ 01 Hl. město Praha	28,1	1,0	18,0	5,9	2,4	38,4	0,8	**94,5**
CZ 02 Střední Čechy	30,3	2,1	19,6	5,4	1,1	38,2	0,8	**97,5**
CZ 03 Jihozápad	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0	**0,0**
CZ 04 Severozápad	29,5	1,2	20,9	5,7	0,7	38,5	0,8	**97,2**
CZ 05 Severovýchod	28,9	1,4	17,6	5,6	1,6	37,5	0,8	**93,5**
CZ 06 Jihovýchod	30,7	1,8	16,5	9,1	2,2	37,4	0,8	**98,5**
CZ 07 Střední Morava	33,4	2,9	20,0	6,8	2,3	35,6	0,8	**101,8**
CZ 08 Moravskoslezsko	42,2	12,7	14,7	4,3	2,1	35,3	0,8	**112,1**

Astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as saothrú gráin bhuí i réigiúin NUTS2 na Seice (kg CO_2eq/tona de ghrán buí a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)

Réigiún NUTS 2 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003	N_2O na hithreach		Leabaithe			Úsáid Breosla	Síol	**Iomlán**
	Díreach	Indíreach	Leasachán	Neodrú	Lotnaid-icíd			
CZ 01 Hl. město Praha	53,0	3,9	36,0	28,7	1,0	73,2	0,9	**196,7**
CZ 02 Střední Čechy	61,3	7,7	38,3	23,9	1,1	67,1	1,0	**200,5**

Réigiún NUTS 2 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003	N_2O na hithreach		Leabaithe			Úsáid Breosla	Síol	**Iomlán**
	Díreach	Indíreach	Leasachán	Neodrú	Lotnaid-icíd			
CZ 03 Jihozápad	73,9	13,5	39,2	32,4	1,4	74,6	1,1	**236,0**
CZ 04 Severozápad	43,7	4,0	23,5	15,3	0,7	74,6	1,0	**162,7**
CZ 05 Severovýchod	71,7	14,3	36,3	22,2	1,3	68,8	1,0	**215,7**
CZ 06 Jihovýchod	63,5	5,7	44,7	34,2	1,3	73,1	1,0	**223,5**
CZ 07 Střední Morava	83,4	19,2	39,8	25,6	0,9	62,6	1,0	**232,5**
CZ 08 Moravskoslezsko	113,2	34,9	38,6	30,7	1,1	61,6	1,0	**281,2**

Astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as saothrú sadhlais arbhair i réigiúin NUTS2 na Seice (kg CO_2eq/tona de shadhlas arbhair a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)

Réigiún NUTS 2 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003	N_2O na hithreach		Leabaithe			Úsáid Breosla	Síol	**Iomlán**
	Díreach	Indíreach	Leasachán	Neodrú	Lotnaid-icíd			
CZ 01 Hl. město Praha	12,6	1,1	9,4	5,4	0,3	11,1	0,3	**40,2**
CZ 02 Střední Čechy	13,8	1,4	8,1	6,0	0,4	12,0	0,3	**42,0**
CZ 03 Jihozápad	19,5	4,8	9,1	6,9	0,4	12,0	0,3	**53,0**
CZ 04 Severozápad	17,1	2,8	10,5	6,6	0,3	12,1	0,3	**49,8**
CZ 05 Severovýchod	24,4	6,4	10,5	8,2	0,4	11,8	0,3	**61,9**
CZ 06 Jihovýchod	16,7	1,8	10,7	8,2	0,4	11,6	0,3	**49,6**
CZ 07 Střední Morava	25,1	7,5	9,5	8,1	0,3	10,2	0,3	**61,0**
CZ 08 Moravskoslezsko	31,8	11,7	10,4	7,2	0,4	11,0	0,3	**72,9**

Astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as saothrú eorna earraigh i réigiúin NUTS2 na Seice (kg CO_2eq/tona d'eorna earraigh a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)

Réigiún NUTS 2 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003	N_2O na hithreach		Leabaithe			Úsáid Breosla	Síol	**Iomlán**
	Díreach	Indíreach	Leasachán	Neodrú	Lotnaid-icíd			
CZ 01 Hl. město Praha	61,0	2,5	46,1	16,2	2,0	57,7	12,2	**197,7**
CZ 02 Střední Čechy	58,3	2,7	41,8	13,1	2,6	59,5	13,1	**191,0**
CZ 03 Jihozápad	87,9	15,7	52,1	19,4	2,3	62,0	13,9	**253,3**
CZ 04 Severozápad	63,9	8,6	32,5	11,0	2,2	61,0	13,2	**192,4**
CZ 05 Severovýchod	88,8	16,9	48,5	18,8	3,0	60,0	13,2	**249,2**

Réigiún NUTS 2 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003	N_2O na hithreach		Leabaithe			Úsáid Breosla	Síol	**Iomlán**
	Díreach	Indíreach	Leasachán	Neodrú	Lotnaid-icíd			
CZ 06 Jihovýchod	65,4	3,7	48,2	20,5	2,3	60,0	13,4	**213,5**
CZ 07 Střední Morava	92,2	20,6	43,1	19,6	2,5	55,9	12,6	**246,5**
CZ 08 Moravskoslezsko	114,2	33,6	43,9	15,7	2,6	57,8	13,5	**281,3**

Astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as saothrú eorna geimhridh i réigiúin NUTS2 na Seice (kg CO_2eq/tona d'eorna gheimhridh a bhuantar ar bhonn ábhar tirim)

Réigiún NUTS 2 de réir Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003	N_2O na hithreach		Leabaithe			Úsáid Breosla	Síol	**Iomlán**
	Díreach	Indíreach	Leasachán	Neodrú	Lotnaid-icíd			
CZ 01 Hl. město Praha	70,0	3,3	48,7	26,7	1,7	53,0	10,0	**213,5**
CZ 02 Střední Čechy	75,1	4,4	62,8	21,8	2,2	54,4	10,7	**231,5**
CZ 03 Jihozápad	107,1	20,2	63,6	21,7	1,9	54,6	11,0	**280,1**
CZ 04 Severozápad	85,8	13,3	49,8	20,3	1,8	54,0	10,4	**235,5**
CZ 05 Severovýchod	120,0	26,2	62,6	23,8	2,5	52,6	10,4	**298,1**
CZ 06 Jihovýchod	77,2	4,5	61,6	23,5	2,0	53,7	10,5	**233,0**
CZ 07 Střední Morava	114,6	27,2	54,6	19,7	2,1	50,5	10,5	**279,2**
CZ 08 Moravskoslezsko	160,8	45,1	68,3	24,3	2,2	51,8	11,0	**363,6**